# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Fraincis

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISIRIGH

## FRAINCIS ARDLEIBHÉAL 2019

## SCÉIM MHARCÁLA

Agus tú ag léamh na scéime marcála, ba chóir suntas a thabhairt do na pointí thíos a leanas:

Cuireann **tulslais /** roimh fhreagra in iúl go bhfuil an freagra ar aon dul leis an méid a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir mar sin glacadh le freagraí a bhfuil tulslais eatarthu mar dhá fhreagra ar leith.

Cuireann **fleasc -** roimh fhreagra in iúl gur freagra ar leith é an freagra, ar féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an bhfreagra.

Cuireann **lúibíní cearnacha** [ ] in iúl gur ábhar é a bhaineann leis an scéim mharcála ar ábhar breise é ar mhaithe leis na ceartaitheoirí.

Cuireann **lúibíní cruinne** ( ) in iul gur ábhar é ar féidir é a chur ar fáil i bhfreagra an iarrthóra ach nach meastar é a bheith mar ábhar riachtanach chun lánmharcanna a ghnóthú.

**N.B.** Níor cheart freagraí a thugtar ar an scéim mharcála a mheas mar an t-aon fhreagra féidearthach inghlactha. Tá freagraí atá ar aon dul nó atá mar an gcéanna leo siúd atá ar an scéim mharcála fhoilsithe inghlactha freisin.

D’fhéadfadh sé go mbeadh **córas píonóis** ann ina mbainfí marcanna maidir le ceisteanna áirithe chun go gcinnteofaí nach ndéanfadh iarrthóirí "liostú" ar na freagraí féidearthacha ar fad maidir le ceist ar leith. I gcásanna mar sin, is féidir freagra ceart a chealú le freagra mícheart breise.



**Comhréiteach Réasúnach le haghaidh Scrúduithe Teastais**

Dóibh siúd ar tugadh díolúine litrithe nó gramadaí dóibh, ní ghearrtar píonós ar earráidí litrithe ná ar ghnéithe áirithe den ghramadach, de réir mar a míníodh ag comhdháil.

I bhFraincis an Ardleibhéil sa Teastas Sóisearach is iondúil nach mbíonn an mionathrú seo ábhartha ach amháin don dá cheist i Roinn III den pháipéar áit a bhfuil 15 mharc ar fáil don teanga i gceist (a) agus 25 marc don teanga i gceist (b).

## Nótaí mínithe a úsáidtear sá mharcáil

Ní chuirtear nóta mínithe le gach freagra

| Nóta mínithe | Brí |
|---|---|
| ✔ | Ceart |
| ✔ 1<br>✔ 2<br>✔ 3<br>✔ 4<br>✔ 5 | Cuir in iúl na pointí sa litir agus cárta poist |
|  | Obair mhícheart (litir agus cárta poist) |
|  | Scéim Mharcála Mhionathruithe curtha i bhfeidhm |
|  | Leathanach bán nó cuid de leathanach |

| Roinn I | Cluastuiscint | (140 marc) |
|---|---|---|

**A (30 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| An Chéad chomhrá: | A | 10 marc |
| An Dara comhrá: | D | 10 marc |
| An Tríú comhrá: | C | 10 marc |

**B (48 marc)**

**An Chéad Chainteoir:** ***<u>Clara</u>***

| | | |
|---|---|---|
| *Dhá shonra faoina háit chónaithe:* | -faoin tuath<br>-níl sí rófhada ó Pháras<br>-(an-) c(h)iúin/suaimhneach<br>-tá na comharsana deas/cairdiúil | 3 + 3 mharc |
| *Breithlá:* | An 2 Feabhra | 3 mharc |
| *Post ba mhaith léi sa todhchaí:* | -cúntóir díolacháin/ (ag obair i) siopa (mór) | 3 mharc |
| *An duine a dtéann sí ag siopadóireacht leis:* | A haintín | 3 mharc |
| *An lá a scríobhann sí a blag:* | Dé hAoine | 3 mharc |
| *Dhá rud a chuireann sí suas ar a blag:* | -grianghraif dá (h)éadaí (nua)<br>-(labhraíonn/insíonn sí faoin)a lá | 3 + 3 mharc |

**An Dara Cainteoir: *Robert***

| | | |
|---|---|---|
| *Aois:* | 34 | 3 mharc |
| *Dhá shonra faoina mhac:* | - (Gruaig) rua<br>- súile donna<br>- is maith leis lachain a bheathú<br>- téann sé go dtí an pháirc | 3+3 mharc |
| *Pleananna dá bhreithlá:* | (Tá sé chun freastal ar) chluiche peile (sa staid le cairde) | 3 mharc |
| *Dhá earra a d'ordaigh sé ar líne:* | - táibléad<br>- uaireadóir<br>- meaisín níocháin | 3+3 mharc |
| *Cathain a bheidh sé ag dul go dtí an Iodáil:* | An samhradh (seo) | 3 mharc |
| *A bhfuil súil aige a dhéanamh sa tír sin:* | Suaimhneas a dhéanamh/ scíth a ligean/am a chaitheamh/bheith in éineacht (lena/leis an) t(h)eaghlach | 3 mharc |

**C (21 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | (a) | Oifig thurasóireachta | 2 mharc |
| | (b) | (tóg an) chéad (sráid) ar chlé agus tá sí lámh leis/in aice leis an gcógaslann/siopa poitigéara<br>[an chéad (sráid) ar chlé = 2 mharc]<br>[tá sí lámh leis/in aice leis an gcógaslann/siopa poitigéara=1 mharc] | 3 mharc |
| 2. | (a) | Faigh gluaisteán ar cíos (ar feadh ocht lá) | 3 mharc |
| | (b) | BRUNET<br>[4 nó 5 litir chearta = 2 mharc]<br>[1 go 3 litir chearta = 1 mharc] | 3 mharc |
| 3. | (i) | Iarnáil | 1 mharc |
| | (ii) | Cuir slacht ar/glan na cófrai cistine/priosanna/haonaid | 1 mharc |
| 4. | (a) | An mata | 5 mharc |
| | (b) | 59.13.78 | 1 mharc |
| 5. | (a) | siopa leabhar | 1 mharc |
| | (b) | capall | 1 mharc |

**D (31 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | (a) | 16.20/4.20<br>[4.20 a.m. = 0] | 4 mharc |
| | (b) | (I g)caifé | 3 mharc |
| 2. | (a) | Bliain | 3 mharc |
| | (b) | An Pholainn | 3 mharc |
| 3. | (a) | - léamh<br>- líníocht | 3 mharc |
| | (b) | - (tá sé) bríomhar<br>- (tá sé) glan | 3+3 mharc |
| 4. | (a) | Brú (óige) | 3 mharc |
| | (b) | - an pálás<br>- eaglais (Saint-Michel)<br>- an t-ionad siopadóireachta | 3+3 mharc |

## E (10 marc)

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | (a) | (tá sé) saor in aisce/ní chosnaíonn sé faic | 1 mharc |
| | (b) | - Buidéil phlaisteacha<br>- Cannaí (folmha) | 1 mharc |
| 2. | (a) | Tiománaithe | 1 mharc |
| | (b) | (Líon na d)timpistí (bóthair) a laghdú<br>[níos lú timpistí = 1 mharc] | 1 mharc |
| 3. | (a) | 500,000 (euro)<br>[airgeadra mícheart = 0] | 1 mharc |
| | (b) | -chaith siad clocha<br>-rinne siad ionsaí ar na póilíní/fórsaí slándála | 1 mharc |
| 4. | (a) | úlla | 1 mharc |
| | (b) | (ar mhaithe le costas) turais scoile/turais | 1 mharc |
| 5. | (i) | Gaofar | 1 mharc |
| | (ii) | Scamallach | 1 mharc |

## ROINN II LÉAMHTHUISCINT (100 Marc)

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | **(a)** | ordinateurs | 7 marc |
| | **(b)** | guichet | 8 marc |
| **2.** | **(a)** | piobar | 5 mharc |
| | **(b)** | Clúdaigh é le huisce / cócaráil é ar feadh uair an chloig | 4 mharc |
| | **(c)** | Prátaí (brúite) | 5 mharc |
| **3.** | **(a)** | chun dramhaíl/fuílleach/bruscar a laghdú | 2 mharc |
| | **(b)** | - uibheacha (úra)<br>- is aoibhinn le páistí iad/cearca/uibheacha<br>- ní deacair cearca/iad a choinneáil | 2 mharc |
| | **(c)** | Gáirdín <u>mór</u> | 2 mharc |
| **4.** | **(a)** | - Béarla<br>- Tíreolaíocht | 2 mharc |
| | **(b)** | Bíonn duine/daoine ann i gcónaí nach dtógann an obair/í dáiríre | 2 mharc |
| | **(c)** | (Nuair a bhíonn a) c(h)ara (ann chun) ceisteanna a chur air | 2 mharc |
| | **(d)** | Is é an duine a bhfuil na gráid/marcanna/torthaí is fearr a dhéanann an obair ar fad | 2 mharc |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5.** | **(a)** | Poitou-Charentes | 4 mharc |
| | **(b)** | Provence | 6 mharc |
| | **(c)** | Alsace | 10 marc |
| | **(d)** | Bretagne | 10 marc |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **6.** | **(a)** | 6.15 (a.m.)<br>[6.15 p.m. = 0] | 2 mharc |
| | **(b)** | D'fhill sé/chuaigh sé go dtí an bácús | 2 mharc |
| | **(c)** | Bhí a veain (párcáilte) os comhair/ar aghaidh a/an tí<br>[Bhí a veain ar ais/fillte/taobh amuigh = 2] | 2 mharc |
| | **(d)** | Le haghaidh (costas) peitril/breosla | 1 mharc |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **7.** | **(a)** | - Chun í a scaradh amach ón gcúirt<br>- Chun bheith ina cónaí/bheith faoin tuath<br>- Chun an saol faoin tuath/ saol na tuaithe a athchruthú<br>- Chun (a) páistí a theagasc faoin dúlra | 1+1 mharc |
| | **(b)** | buí | 1 mharc |
| | **(c)** | - am a chaitheamh/a chur thart/bheith le (lena) páistí<br>- Crainn (áille) a thaispeáint (dóibh)<br>[aon tagairt réasúnach do chrainn = 1 mharc]<br>- Éin (áille) a thaispeáint (dóibh)<br>[aon tagairt réasúnach d'éin = 1 mharc] | 1+1 mharc |
| | **(d)** | Dé Luain | 1 mharc |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **8.** | **(a)** | Iarthuaisceart | 1 mharc |
| | **(b)** | I halla na Cathrach / an Bhaile/ in Oifig an Mhéara | 1 mharc |
| | **(c)** | - (tá sí) ceanndána<br>- tagann fearg (uirthi) (go réidh)<br>- déanann (sí) gáire<br>- tá deirfiúr (níos óige) (aici)<br>- tá a gnó féin ag (a) máthair<br>- tá (a h)athair ag obair i Halla an Bhaile | 1 mharc |
| | **(d)** | Thiomáin sí í (go dtí éisteachtaí/roghnú aisteoirí) | 1 mharc |
| | **(e)** | - ag éirí go luath<br>- ag dul a chodladh go déanach | 1 mharc |
| | **(f)** | Chaoin sí (ar feadh leathuair an chloig) | 1 mharc |
| | **(g)** | Mhúscail sé an-spéis inti an post seo (a dhéanamh) | 1 mharc |
| | **(h)** | - Ba jóc/chleas é<br>- Bhíothas ag magadh fúithi/ag déanamh ceap magaidh di | 1 mharc |
| **9.** | **(a)** | 1981 | 1 mharc |
| | **(b)** | Rothaíocht sléibhe | 1 mharc |
| | **(c)** | Gualainn | 1 mharc |
| | **(d)** | - Cuireann sé a chairde ag gáire<br>- Déanann sé pleidhce an ranga/amadán de féin/méiseáil | 1 mharc |
| | **(e)** | - chun tús a chur lena ghairm (mar láithreoir raidío)<br>- chun obair sa raidió/teilifís | 1 mharc |
| | **(f)** | - téann sé go dtí an fharraige/trá<br>- tugann sé an madra amach | 1 mharc |

## Roinn III — Scríobh na Teanga — (80 marc)

**(a)** ***<u>An Cárta Poist</u>***

Cumarsáid = 15 mharc
Teanga = 15 mharc
Iomlán = 30 marc

Ní mór don iarrthóir déileáil le <u>trí</u> phointe. Ba chóir creidiúint a thabhairt do gach pointe chomh luath is a thagtar air sa fhreagra ach ✓1, ✓2, ✓3.
a chur isteach ar imeall na láimhe clé.
Socraítear an marc a bhronntar faoin dá cheannteideal - cumarsáid agus teanga - ansin ach tagairt a dhéanamh don ghreille mharcála thíos.

**(Tugtar suntas do mhionathruithe ar mheasúnú na teanga i gcás scripteanna R.A.C.E., mar a cuireadh in iúl ag tús na scéime marcála.)**
**……………………………………………………………………………………………….**

**(b)** ***<u>An Litir Neamhfhoirmiúil</u>***

Bristear na marcanna don litir síos mar seo a leanas:
Leagan Amach = 5 mharc
Cumarsáid = 20 marc
Teanga = 25 marc
Iomlán = 50 marc

**Leagan amach na litreach neamhfhoirmiúla:**

Socraítear na <u>cúig</u> mharc do leagan amach na litreach mar seo a leanas:

- ❖ Ní mór don *áit* agus *dáta* bheith ar an líne chéanna i dtreo an chúinne ag an mbarr ar dheis.
- ❖ *Ní mór don dáta bheith i Meitheamh* e.g. is úsáid láncheart é "Dublin, le 25 juin".
- ❖ *<u>Beannacht</u>:* Ní mór an t-ainm "**<u>Samuel</u>**" a úsáid. Seachas an ghnáthbheannacht tá "Cher Samuel", "salut" agus "bonjour" inghlactha freisin.
- ❖ *<u>Beannacht fágála sláin</u>: Déanfaidh aon cheann de na gnáthfhoirmlí inghlachta cúis*, e.g. "amitiés", "amicalement", "à bientôt", etc. <u>mar aon leis an ainm</u>, ach ní mór don litriú bheith **lán**cheart. **<u>Má thugtar níos mó ná beannacht fágála sláin amháin, bronntar marcanna don cheann deireanach amháin.</u>**

**<u>Marcáil</u> an Leagain Amach:**

áit / seoladh = 1
le + figiúr = 1 [is féidir an figiúr a scríobh mar fhocal ach ní mór don litriú bheith ceart, e.g. "le vingt-cinq juin" nó "le 25 juin"]
mí = 1
beannacht = 1
beannacht fágála sláin = 1

**Cumarsáid:**

Tá cúig phointe le déileáil leo. Dé réir mar a thagtar ar gach pointe, ba chóir ✓1, ✓2, ✓3, ✓4,✓5.  a chur isteach ar imeall na láimhe clé.

**N.B.  Sa litir agus sa chárta poist araon, ní mór gan pointe a cheadú ach amháin *mura mbíonn aon tagairt ar chor ar bith* don phointe nó má bhíonn aon tagairt a dhéantar *dothuigthe amach is amach*.**

Ba chóir caighdeán agus cumas na cumarsáide sa litir a mheas de réir na greille marcála thíos.

**Teanga:**

Déan úsáid stór focal, litriú, aimsir na mbriathra, forainmneacha, réamhfhocail, comhaontú na n-aidiachtaí, láimhseáil na bhfoirmeacha diúltacha, etc. a mheas de réir na greille marcála thíos.

**(Tugtar suntas do mhionathruithe ar mheasúnú na teanga i gcás scripteanna R.A.C.E., mar a cuireadh in iúl ag tús na scéime marcála.)**

## GREILLE MHARCÁLA

| Marcanna do (a)<br>Cárta poist | *Cumarsáid* | Marcanna do (b)<br>Litir |
|---|---|---|
| 11 go 15 mharc | **An chatagóir ard**<br>• Tá an t-ábhar sothuigthe d'Fhrainciseoir aonteangach<br>• Saothrú maith go sármhaith ar an gcuid is mó den nó gach ceann den ábhar spreagtha (i.e. pointí)<br>• Tugtar suntas do réim teanga cheart | 14 go 20 marc |
| 6 go 10 marc | **An chatagóir láir**<br>• Tá an t-ábhar beagán go réasúnta sothuigthe d'Fhrainciseoir aonteangach<br>• Saothrú dóthanach ar éigean go dóthanach ar an gcuid is mó den nó gach ceann den ábhar spreagtha | 8 go 13 mharc |
| 0 go 5 mharc | **An chatagóir íseal**<br>• Tá an t-ábhar dothuigthe d'Fhrainciseoir aonteangach<br>• Níl aon saothrú ná tá fíorbheagán saothraithe ar an ábhar spreagtha | 0 go 7 marc |

| Marcanna do (a)<br>Cárta poist | *Teanga* | Marcanna do (b)<br>Litir |
|---|---|---|
| 11 go 15 mharc | **An chatagóir ard**<br>• Usáid stór focal maith go saibhir, Fraincis nádúrtha san áireamh b'fhéidir<br>• Gan ach beagán botún sna briathra – aimsir na mbriathra, comhaontuithe, etc.<br>• Úsáid mhaith go sármhaith maidir le gnéithe eile, e.g. aidiachtaí, dobhriathra, réamhfhocail, forainmneacha, láimhseáil na bhfoirmeacha diúltacha<br>• Tá an litriú cruinn den chuid is mó | 18 go 25 marc |
| 6 go 10 marc | **An chatagóir láir**<br>• Stór focal dóthanach ar éigean go dóthanach<br>• Tá na briathra mícheart den chuid is mó nó uaireanta<br>• Úsáid dóthanach ar éigean ar na gnéithe eile den ghramadach mar a liostaítear thuas | 10 go 17 marc |
| 0 go 5 mharc | **An chatagóir íseal**<br>• Úsáid an-lag go lag ar stór focal<br>• Go leor nó gach ceann de na briathra mícheart<br>• Níl aon úsáid ná is beag úsáid cheart ann maidir le gnéithe eile den ghramadach mar a liostaítear thuas | 0 go 9 marc |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

*Tábla 320 @ 5%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 246 | 11 |
| 247 - 253 | 10 |
| 254 - 260 | 9 |
| 261 - 266 | 8 |
| 267 - 273 | 7 |
| 274 - 280 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 286 | 5 |
| 287 - 293 | 4 |
| 294 - 300 | 3 |
| 301 - 306 | 2 |
| 307 - 313 | 1 |
| 314 - 320 | 0 |

**An grád iomlán a bhronntar ar gach script (uasghrád = 320 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| **A** | **=** | **272 - 320 marc** |
| **B** | **=** | **224 - 271 marc** |
| **C** | **=** | **176 - 223 marc** |
| **D** | **=** | **128 - 175 marc** |
| **E** | **=** | **80 - 127 marc** |
| **F** | **=** | **32 - 79 marc** |